Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13955/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0339 (NLE)

ACP 94
FIN 1026
PTOM 15

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2023 |

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo[1], agus go háirithe Airteagal 7(2) i gcomhar le hAirteagal 14(3) de,

---

1 IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[1], agus go háirithe Airteagal 19(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 307, 3.12.2018, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, maidir lena mheastacháin nuashonraithe i ndáil le gealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a ndéanann sé bainistíocht orthu, tá siad le seoladh ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) chuig an gCoimisiún.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún le togra a chur i láthair faoin 10 Deireadh Fómhair 2023 lena sonrófar méid an tríú tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2023.

(3) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, le glaonna ar ranníocaíochtaí, ídeofar ar dtús na méideanna dá bhforáiltear i gCistí Eorpacha Forbraíochta a bhí ann roimhe sin. Ba cheart, dá bhrí sin, glao ar chistí a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 le haghaidh BEI agus le haghaidh an Choimisiúin.

(4) De bhun Airteagal 152 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), tá Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') chun leanúint de bheith ina páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. Mar sin féin, de bhun Airteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, níl sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11ú CEF i gcás ina ndearnadh na cistí sin a shaoradh tar éis an 31 Nollaig 2020, nó faoi CEFanna roimhe sin, le hathúsáid.

(5) Le Cinneadh (AE) 2022/2242 ón gComhairle[1], socraítear méid bliantúil na ranníocaíochta atá le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2023 ag EUR 1 800 000 000 le haghaidh an Choimisiúin agus ag EUR 300 000 000 le haghaidh BEI.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear ann a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/2242 ón gComhairle an 14 Samhain 2022 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2024, an méid bliantúil le haghaidh 2023, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2023 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2025 agus 2026 (IO L 294, 15.11.2022, lch. 17).

*Airteagal 1*

Socraítear leis seo méid bliantúil na ranníocaíochtaí atá le híoc ag na páirtithe in CEF mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2023 ag EUR 500 000 000. Déanfar é a roinnt ina EUR 400 000 000 don Choimisiún, agus EUR 100 000 000 do BEI.

*Airteagal 2*

Déanfaidh na páirtithe in CEF ranníocaíochtaí aonair CEF a íoc leis an gCoimisiún agus le BEI mar an tríú tráthchuid le haghaidh 2023, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

An Tríú Tráthchuid de Ranníocaíochtaí CEF le haghaidh 2023 (EUR) atá le híoc leis an gCoimisiún agus le BEI

| NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | An tríú tráthchuid 2023 (EUR) | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | An Coimisiún 11ú CEF | BEI 11ú CEF | |
| AN BHEILG | 3,24927 | 12 997 080 | 3 249 270 | 16 246 350 |
| AN BHULGÁIR | 0,21853 | 874 120 | 218 530 | 1 092 650 |
| AN tSEICIA | 0,79745 | 3 189 800 | 797 450 | 3 987 250 |
| AN DANMHAIRG | 1,98045 | 7 921 800 | 1 980 450 | 9 902 250 |
| AN GHEARMÁIN | 20,57980 | 82 319 200 | 20 579 800 | 102 899 000 |
| AN EASTÓIN | 0,08635 | 345 400 | 86 350 | 431 750 |
| ÉIRE | 0,94006 | 3 760 240 | 940 060 | 4 700 300 |
| AN GHRÉIG | 1,50735 | 6 029 400 | 1 507 350 | 7 536 750 |
| AN SPÁINN | 7,93248 | 31 729 920 | 7 932 480 | 39 662 400 |
| AN FHRAINC | 17,81269 | 71 250 760 | 17 812 690 | 89 063 450 |
| AN CHRÓIT | 0,22518 | 900 720 | 225 180 | 1 125 900 |
| AN IODÁIL | 12,53009 | 50 120 360 | 12 530 090 | 62 650 450 |
| AN CHIPIR | 0,11162 | 446 480 | 111 620 | 558 100 |
| AN LAITVIA | 0,11612 | 464 480 | 116 120 | 580 600 |
| AN LIOTUÁIN | 0,18077 | 723 080 | 180 770 | 903 850 |
| LUCSAMBURG | 0,25509 | 1 020 360 | 255 090 | 1 275 450 |
| AN UNGÁIR | 0,61456 | 2 458 240 | 614 560 | 3 072 800 |
| MÁLTA | 0,03801 | 152 040 | 38 010 | 190 050 |

| NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | An tríú tráthchuid 2023 (EUR) | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | An Coimisiún<br>11ú CEF | BEI<br>11ú CEF | |
| AN ÍSILTÍR | 4,77678 | 19 107 120 | 4 776 780 | 23 883 900 |
| AN OSTAIR | 2,39757 | 9 590 280 | 2 397 570 | 11 987 850 |
| AN PHOLAINN | 2,00734 | 8 029 360 | 2 007 340 | 10 036 700 |
| AN PHORTAINGÉIL | 1,19679 | 4 787 160 | 1 196 790 | 5 983 950 |
| AN RÓMÁIN | 0,71815 | 2 872 600 | 718 150 | 3 590 750 |
| AN tSLÓIVÉIN | 0,22452 | 898 080 | 224 520 | 1 122 600 |
| AN tSLÓVAIC | 0,37616 | 1 504 640 | 376 160 | 1 880 800 |
| AN FHIONLAINN | 1,50909 | 6 036 360 | 1 509 090 | 7 545 450 |
| AN tSUALAINN | 2,93911 | 11 756 440 | 2 939 110 | 14 695 550 |
| AN RÍOCHT AONTAITHE* | 14,67862 | 58 714 480 | 14 678 620 | 73 393 100 |
| IOMLÁN IDIR AE-27 & AN RÍOCHT AONTAITHE | 100,00 | 400 000 000 | 100 000 000 | 500 000 000 |

---

* Maidir le hAirteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, d'iarr an Ríocht Aontaithe go foirmiúil i mí an Mhárta 2023 go n-aisíocfadh an Coimisiún in 2023 sciar na Ríochta Aontaithe, atá gan íoc, de chúlchistí an 10ú agus an 11ú CEF trí shocrú glanáirimh in aghaidh ranníocaíocht gan íoc na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2023 (an 2ú agus an 3ú tráthchuid, i.e. EUR 154,12 milliún san iomlán). Tá an socrú glanáirimh sin le cur san áireamh sna treoracha íocaíochta faoi seach.

---